Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026
(OR. en)

10269/26
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0137 (NLE)**

SOC 375
EMPL 199
ECOFIN 788
EDUC 256

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 510 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 510 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 510 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2026
COM(2026) 510 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát**

**Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar**

Ba cheart do na Ballstáit geilleagar sóisialta margaidh inbhuanaithe a chur chun cinn. Ba cheart dóibh infheistíocht a éascú agus tacú léi agus fás faoi stiúir na nuálaíochta agus fás táirgiúlachta a chothú chun poist ardcháilíochta a chruthú, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe dhigitigh, an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhéimeagrafaigh chomh maith le riachtanais slándála agus chosanta atá ag dul i méid, agus i bhfianaise phríomhspriocanna fostaíochta an Aontais agus na bpríomhspriocanna fostaíochta náisiúnta do 2030. Ba cheart do na Ballstáit cineálacha cur chuige comhtháite a shaothrú lena léirítear dúshláin shonracha agus acmhainneacht forbartha na réigiún agus na gcríoch éagsúil. Chuige sin, ba cheart dóibh na bacainní a bhíonn ar ghnólachtaí agus iad ag earcú daoine a laghdú, lena n-áirítear tríd an ualach riaracháin a laghdú, agus trí uas-scálú, agus trí fhiontraíocht fhreagrach agus fíor-fhéinfhostaíocht a chothú. Ba cheart do na Ballstáit forbairt an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear fiontair shóisialta. Ba cheart dóibh bearta agus straitéisí gaolmhara a fhorbairt agus a chur chun feidhme, nuálaíocht shóisialta a chothú agus samhlacha gnó a spreagadh lena gcruthaítear deiseanna fostaíochta ardcháilíochta, go háirithe do na daoine is faide ó mhargadh an tsaothair nó atá faoi ghannionadaíocht.

Chun athléimneacht a neartú i bhfianaise suaití a d'fhéadfadh a bheith ann, is féidir le scéimeanna oibre gearr-ama dea-cheaptha agus socruithe comhchosúla, in éineacht le hoiliúint spriocdhírithe, cabhrú le hoibrithe fanacht san fhostaíocht ina bhfuil siad le linn cora chun donais sealadacha agus le linn athstruchtúrú cuideachtaí agus ath-leithdháileadh dinimiciúil an tsaothair sa gheilleagar á éascú ag an am céanna. Is féidir le dreasachtaí earcaíochta agus aistrithe dea-cheaptha agus bearta uas-scilithe agus athscilithe, arna bhforbairt i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, tacú freisin le claochluithe struchtúracha trí phróisis athstruchtúraithe a éascú agus trí lucht saothair a ath-leithdháileadh ó earnálacha atá ag meath i dtreo earnálacha atá ag teacht chun cinn. Dá bhrí sin, is féidir leo cuidiú leis an ngeilleagar a nuachóiriú, lena n-áirítear trí scileanna gaolmhara a fhorbairt.

Ba cheart an cánachas a aistriú ón saothar go dtí foinsí cánacha eile a thugann níos mó tacaíochta don fhostaíocht agus don fhás cuimsitheach, mar aon le cuspóirí aeráide agus comhshaoil, agus ránnpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair á spreagadh, agus ioncam le haghaidh cosaint shóisialta leordhóthanach agus caiteachas spreagtha fáis a chosaint san am céanna. Ba cheart geilleagar an-iomaíoch agus an-nuálach, tuilleamh leordhóthanach agus pá cothrom agus dálaí maithe oibre a shaothrú mar phríomheilimintí chun cáilíocht poist a áirithiú, lena gcruthaítear, in éineacht le forbairt scileanna, dul chun cinn gairme agus slándáil post, timthriall de chumhachtú pearsanta, táirgiúlacht agus fás eacnamaíoch. Ba cheart do Bhallstáit cómhargáil maidir le socrú pá a chur chun cinn. Agus urraim á tabhairt do chleachtais náisiúnta agus do neamhspleáchas comhpháirtithe sóisialta, ba cheart do na Ballstáit agus na comhpháirtithe sóisialta a áirithiú go mbeidh pá leordhóthanach ag gach oibrí trí thairbhe a bhaint as comhaontuithe comhchoiteanna nó as pá íosta reachtúil leordhóthanach, agus tionchar an mhéid sin ar an iomaíochas, cruthú post ardcháilíochta, cumhacht cheannaigh agus bochtaineacht lucht oibre á chur san áireamh.

**Treoirlíne 6: Feabhas a chur ar an soláthar saothair agus ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí ar feadh an tsaoil**

I gcomhthéacs an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais, an athraithe dhéimeagrafaigh, agus na n-athruithe geopholaitiúla, agus thábhacht mhéadaitheach na slándála agus na cosanta, mar aon leis an ngá gaolmhar atá le huathriail straitéiseach níos fearr a bheith ag an Aontas, lena

n-áirítear maidir le ceannasacht theicneolaíoch, ba cheart do na Ballstáit iomaíochas, táirgiúlacht, infhostaitheacht agus forbairt caipitil dhaonna a chur chun cinn. Chuige sin, ba cheart dóibh sealbhú scileanna agus inniúlachtaí a chothú i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair, ag díriú ar earnálacha straitéiseacha agus ar shlabhraí luacha a shainaithnítear i mbeartas tionsclaíoch an Aontais agus sa bheartas tionsclaíoch náisiúnta. Ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus saothair, lena n-áirítear trí fhaisnéis scileanna níos fearr agus níos tráthúla, agus i bhfianaise phríomhspriocanna scileanna an Aontais agus na bpríomhspriocanna scileanna náisiúnta do 2030. Ba cheart do na Ballstáit a gcórais oideachais agus oiliúna a nuachóiriú agus infheistíocht a dhéanamh iontu, i gceantair thuaithe agus iargúlta freisin, agus lena n-áirítear bonneagar gaolmhar, chun oideachas agus oiliúint ardcháilíochta, inrochtana agus chuimsitheach a sholáthar, agus chun uas-sciliú agus athsciliú méadaithe a ghríosú. Ba cheart a áirithiú leis sin freisin go mbeidh na scileanna cearta ag an lucht saothair chun réitigh a fhorbairt agus a chur in úsáid i bhfianaise fhorbairt na teicneolaíochta doimhne atá ag athrú go tapa. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, le soláthraithe oideachais agus oiliúna, le fiontair agus le páirtithe leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar laigí struchtúracha ina gcórais oideachais agus oiliúna.

Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar aghaidh a thabhairt ar an meath ar fheidhmíocht oideachais daoine óga, go háirithe sna bunscileanna (scileanna litearthachta, matamaitice, eolaíochta, digiteacha agus saoránachta), lena n-áirítear le tacaíocht spriocdhírithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Tá gá le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh ghairm na múinteoireachta, lena n-áirítear tarraingteacht agus dálaí oibre na gairme, chun dul i ngleic le ganntanas múinteoirí agus infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus inniúlachtaí digiteacha múinteoirí agus oiliúnóirí. Chun an dúshraith a leagan don inoiriúnaitheacht agus don athléimneacht ar feadh an tsaoil, ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna príomhinniúlachtaí a thabhairt do gach foghlaimeoir, amhail scileanna bunúsacha agus digiteacha, lena n-áirítear litearthacht intleachta saorga (IS), chomh maith le hinniúlachtaí idirdhisciplíneacha, scileanna fiontraíochta agus smaointeoireacht chriticiúil i bhfianaise bhagairt na bréagaisnéise.

Chun infhostaitheacht agus cruthú post ardcháilíochta agus aistrithe a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit tacú le daoine fásta in aois oibre rochtain a fháil ar oiliúint agus dreasachtaí agus spreagadh a mhéadú chun oiliúint a lorg, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí chuntais foghlama aonair, measúnuithe iontaofa ar cháilíocht oiliúna agus micridhintiúir. Ba cheart go gcuirfidís ar a chumas do ghach duine riachtanais mhargadh an tsaothair a réamh-mheas agus oiriúnú níos fearr dóibh, go háirithe trí uas-sciliú agus athsciliú leanúnach agus trí ghairmthreoir agus comhairleoireacht chomhtháite a sholáthar.

Ba cheart do na Ballstáit comhionannas deiseanna a chothú do chách trí aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannas san oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear éagothromaíochtaí críochacha ó rochtana de. Ba cheart rochtain a thabhairt do leanaí ar oideachas agus ar chúram luath-óige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán, i gcomhréir le 'spriocanna Barcelona' agus leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Ba cheart do na Ballstáit na leibhéil cháilíochta fhoriomlána a ardú, líon na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint a laghdú, tacú le rochtain chomhionann ar oideachas do leanaí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ó cheantair iargúlta. Ba cheart dóibh freisin tarraingteacht, cáilíocht agus ábharthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna do mhargadh an tsaothair a mhéadú, tacú le rochtain ar an oideachas treasach agus lena chríochnú, agus líon na gcéimithe eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice a mhéadú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus

san oideachas treasach, go háirithe na céimithe ar mná iad. Ba cheart tacú freisin le barrfheidhmíocht agus barr feabhais i dtorthaí oideachais, ós rud é go bhfuil ról acu maidir le hacmhainneacht nuálaíochta iomaíochas an Aontais amach anseo a chothú. Ba cheart do Stáit an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht a éascú le haghaidh daoine trí chúrsaí oiliúna agus printíseachtaí inrochtana ardcháilíochta, chomh maith le seirbhísí comhairleoireachta, agus rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim leanúnach a mhéadú, go háirithe i measc foghlaimeoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus i measc na ndaoine is lú cáilíocht. Ba cheart do na Ballstáit soláthar agus glacadh gairmoideachais agus gairmoiliúna solúbtha tosaigh agus leanúnaí a uasghrádú agus a mhéadú, agus foghlaim obairbhunaithe i gcórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a neartú. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit ábharthacht an oideachais threasaigh a fheabhsú maidir le margadh an tsaothair, agus i gcás inarb iomchuí, taighde a fheabhsú freisin maidir leis an margadh sin; feabhas a chur ar fhaisnéis scileanna; scileanna agus cáilíochtaí a dhéanamh níos feiceálaí agus níos inchomparáide, lena n-áirítear iad siúd a fuarthas thar lear, agus a áirithiú go mbainfear úsáid níos comhsheasmhaí as aicmithe uile-Aontais (i.e. ESCO); deiseanna a mhéadú chun scileanna agus inniúlachtaí a shealbhaítear lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint fhoirmiúil a bhailíochtú agus a aithint, agus aitheantas níos tapúla ar cháilíochtaí do náisiúnaigh an Aontais agus do náisiúnaigh tríú tír a chur chun cinn, agus caighdeáin cháilíochta a choinneáil ar bun san am céanna.

Ba cheart do na Ballstáit cúnamh éifeachtach tráthúil atá comhordaithe agus saincheaptha a sholáthar do dhaoine dífhostaithe agus daoine neamhghníomhacha, cúnamh atá bunaithe ar thacaíocht don chuardach poist, uas-sciliú agus athsciliú agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin eile, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha. Ba cheart a shaothrú a luaithe is féidir straitéisí cuimsitheacha lena n-áirítear measúnaithe aonair grinn ar dhaoine atá dífhostaithe agus bailíochtú taithí oibre roimhe sin, tar éis 18 mí den dífhostaíocht ar a dhéanaí, d’fhonn an dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú agus a chosc. Ba cheart leanúint d’aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc na hóige agus ar dhúshlán na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), trí luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a chosc agus trí fheabhas a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair,mar aon leis an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán, go háirithe trí thairiscint a dhéanamh laistigh de 4 mhí do dhaoine óga idir na haoiseanna 15-29 chun an luath-idirghabháil a ráthú.

Ba cheart é a bheith d’aidhm ag na Ballstáit deireadh a chur le bacainní agus le dídhreasuithe i leith rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus dreasachtaí a sholáthar ina leith, go háirithe le haghaidh daoine ar ioncam íseal, an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh (na mná go minic), daoine níos sine, daoine faoi mhíchumas, agus na ndaoine sin is faide ón margadh saothair, lena n-áirítear daoine a bhfuil cúlra imirceach acu agus pobail Romacha. Ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú le soláthar saothair a chothú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais, go háirithe trí dhálaí oibre leordhóthanacha a chur chun cinn, trína áirithiú go spreagtar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair trí cheapadh na gcóras cánach agus sochar, agus trína áirithiú go bhfuil beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair éifeachtach agus gur féidir teacht air, agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú. Ba cheart do na Ballstáit tacú le timpeallacht oibre a bheidh oiriúnaithe do dhaoine faoi mhíchumas, rud a sholáthróidh dul chun cinn fostaíochta agus gairme ardcháilíochta neamh-leithscartha, lena n-áirítear trí thacaíocht spriocdhírithe airgeadais agus theicniúil, faisnéis agus ardú feasachta, agus seirbhísí lena gcuirtear ar a gcumas a bheith rannpháirteach i margadh an tsaothair agus sa tsochaí.

Ba cheart do na Ballstáit comhionannas inscne agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban i margadh an tsaothair a áirithiú, lena n-áirítear i ndáil le dul chun cinn gairme, trí dhul i ngleic le steiréitíopaí inscne, trí dheireadh a chur le bacainní ar rochtain ar cheannaireacht ar gach

leibhéal den chinnteoireacht, agus trí dhul i ngleic le foréigean agus ciapadh san ionad oibre. Ba cheart pá comhionann as obair chomhionann nó as obair ar comhionann a luach, chomh maith leis an trédhearcacht pá, a áirithiú. Ba cheart comhréiteach idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach le haghaidh mná agus fir araon a chur chun cinn, go háirithe trí rochtain a bheith ann ar chúram fadtéarmach agus oideachas agus cúram luathóige ardcháilíochta atá inacmhainne. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí agus ag daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu ar shaoire teaghlaigh iomchuí agus ar shocruithe solúbtha oibre chun cothromaíocht idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach a bhaint amach, agus úsáid chothrom na dteidlíochtaí sin idir tuismitheoirí a chur chun cinn.

Mar réiteach comhlántach chun leas a bhaint as acmhainneacht lucht saothair intíre an Aontais, ba cheart do na Ballstáit tallann agus scileanna a mhealladh ó lasmuigh den Aontas trí chonairí dleathacha imirce, agus earcaíocht chothrom agus cearta saothair agus sóisialta á ráthú san am céanna. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta chun cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a aithint i gcomhthéacs nósanna imeachta imirce dleathaí simplí, éifeachtúil agus go n-éascófar leo rochtain thapa ar ghairmeacha rialaithe. Ba cheart do na Ballstáit tabhairt faoi Chomhpháirtíochtaí Tallainne a thuilleadh chun feabhas a chur ar chonairí imirce dleathacha trí scéimeanna nua soghluaisteachta a sheoladh agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le beartas cuimsithe éifeachtach le haghaidh oibrithe agus a dteaghlaigh, lena gcuimsítear oideachas agus oiliúint, fostaíocht, cosaint shóisialta, sláinte agus tithíocht.

**Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta**

Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta chun dálaí oibre cothroma, trédhearcacha agus intuartha a áirithiú. Chun cáilíocht poist a fheabhsú, ba cheart dóibh deighilt i margaí an tsaothair a laghdú agus a chosc, an obair neamhdhearbhaithe agus an fhéinfhostaíocht bhréagach a chomhrac, agus an t-aistriú i dtreo cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a chothú. Leis na rialacha maidir le cosaint fostaíochta, le dlí an tsaothair agus leis na hinstitiúidí, ba cheart timpeallacht oiriúnach le haghaidh earcaíochta a chur ar fáil chomh maith leis an tsolúbthacht is gá d'fhostóirí chun iad féin a chur in oiriúint go tapa d'athruithe sa chomhthéacs eacnamaíoch. Ag an am céanna, ba cheart dóibh cearta saothair a chosaint agus cosaint shóisialta a áirithiú. Trí úsáid socruithe solúbtha oibre a chur chun cinn, amhail teilea-obair, is féidir cur le leibhéil fostaíochta níos airde agus le margaí saothair níos cuimsithí. Ba cheart timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil a áirithiú, agus folláine san ionad oibre agus neamhspleáchas poist a chur chun cinn mar nithe a chuireann le cáilíocht poist.

Ba cheart do na Ballstáit tacú le hoibrithe agus le fostóirí sa chlaochlú digiteach, lena n-áirítear trí úsáid éifeachtach, fhreagrach, chuimsitheach agus eiticiúil uirlisí intleachta saorga a chur chun cinn lena gcuirtear borradh faoin táirgiúlacht agus lena gcomhlánaítear saothar an duine. Chun cur chuige iontaoibh-bhunaithe a chothú i leith na teicneolaíochta agus na nuálaíochta san ionad oibre, ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh freisin ar na tionchair ar fheidhmiú mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear cleachtais earcaíochta, agus an leas is fearr is féidir a bhaint as ról an idirphlé shóisialta agus na cómhargála. Ba cheart dálaí oibre contúirteacha a chosc, lena n-áirítear in obair ardáin agus i gconarthaí oibre neamhthipiciúla, trí chothroime, trédhearcacht, neamh-idirdhealú agus cuntasacht a áirithiú maidir le halgartaim a úsáid, agus trí shocruithe conarthacha mí-úsáideacha a chomhrac. I gcásanna dífhostaithe éagóraigh, ba cheart rochtain a áirithiú ar mhodh éifeachtach neamhchlaonta maidir le

díospóidí a réiteach, agus an ceart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh leormhaith, i gcás inarb infheidhme.

Ba cheart do na Ballstáit iad siúd atá in ann páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair a ghníomhachtú agus a chumasú ar bhealach éifeachtach, go háirithe grúpaí faoi ghannionadaíocht, mar atá mná agus daoine óga, mar aon le daoine i staideanna leochaileacha, mar atá daoine ar bheagán oiliúna agus daoine dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil cúlra imirceach acu, daoine ó phobail Romacha agus oibrithe scothaosta. Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme agus éifeacht na mbeartas gníomhach maidir le margadh an tsaothair a neartú trína n-infhaighteacht, a bhfor-rochtain agus a raon feidhme a mhéadú agus tríd an méid sin iad a nascadh ar bhealach níos fearr le seirbhísí sóisialta, cúrsaí oiliúna agus tacaíocht ioncaim le haghaidh daoine dífhostaithe. Ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar acmhainneacht na seirbhísí poiblí fostaíochta cúnamh tráthúil saincheaptha a sholáthar do chuardaitheoirí poist, lena n-áirítear trí bhainistíocht fheidhmíochtbhunaithe agus trí acmhainneacht níos fearr chun úsáid a bhaint as teicneolaíocht sonraí agus dhigiteach, agus tríd an úsáid is fearr a bhaint as cistiú ón Aontas. Tá ról ag seirbhísí príobháideacha fostaíochta i ndáil leis sin freisin.

Ba cheart do na Ballstáit sochair leordhóthanacha dhífhostaíochta ar feadh tréimhse réasúnta a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, i gcomhréir leis na ranníocaíochtaí atá déanta acu agus leis na rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht. Níor cheart go ndéanfadh sochair dhífhostaíochta filleadh pras ar an bhfostaíocht a dhídhreasú agus ba cheart beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair a bheith ag gabháil leo.

Ba cheart soghluaisteacht foghlama, go háirithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus do phrintísigh agus d’fhoghlaimeoirí ar lú a n-eispéiris soghluaisteachta, agus soghluaisteacht saothair oibrithe a mhéadú agus tacaíocht leordhóthanach a thabhairt dóibh, agus é d'aidhm leis sin a scileanna agus a n-infhostaitheacht a fheabhsú. Ba cheart dul i ngleic le bacainní ar shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas, lena n-áirítear bacainní a bhaineann le barántúlacht cáilíochtaí ó Bhallstáit eile a fhíorú agus le tuiscint a chur orthu, le nósanna imeachta casta troma chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint, nó le deacrachtaí maidir le cearta slándála sóisialta a fheidhmiú nó rochtain a fháil orthu. Ba cheart dálaí oibre cothroma a áirithiú dóibh siúd uile a shaothraíonn gníomhaíocht trasteorann, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tír, trí reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an Aontais a fhorfheidhmiú go héifeachtach, trí dhlús a chur le hiarrachtaí forfheidhmiúcháin agus le comhar riaracháin idir riaracháin náisiúnta, agus trí fheabhas a chur ar sholáthar faisnéise d’oibrithe taistil agus do chuideachtaí, le tacaíocht ón Údarás Eorpach Saothair.

Ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh na dálaí iomchuí a chruthú le haghaidh cineálacha nua oibre agus modhanna nua oibre, a ngealltanais a chomhlíonadh maidir lena n-acmhainneacht poist a chruthú, agus a áirithiú, san am céanna, go bhfuil na cearta sóisialta agus oibre á gcomhlíonadh acu. Ba cheart dóibh na rialacha is infheidhme a fhorfheidhmiú i gcomhthéacs conarthaí neamhthipiciúla agus cineálacha nua oibre, amhail obair trí ardáin saothair dhigiteacha. Maidir leis an méid sin, is féidir le comhpháirtithe sóisialta ról ríthábhachtach a imirt agus ba cheart do na Ballstáit tacú leo teagmháil a dhéanamh le daoine agus ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine a bhíonn i mbun obair neamhthipiciúil agus cineálacha nua oibre. Lena chois sin, ba cheart do na Ballstáit forfheidhmiú a neartú trí acmhainneacht leordhóthanach agus oiliúint thiomnaithe le haghaidh lucht cigireachta saothair maidir leis na dúshláin a eascraíonn as cineálacha nua oibre, lena n-áirítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus na hIntleachta Saorga, amhail bainistiú de réir algartam, faireachas ar oibrithe agus teilea-obair.

Ba cheart do na Ballstáit timpeallacht chumasúcháin a áirithiú le haghaidh idirphlé sóisialta déphháirteach agus trípháirteach ar gach leibhéal, lena n-áirítear cómhargáil, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta, tar éis dul i gcomhairle agus i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, agus a neamhspleáchas á urramú san am céanna. Ba cheart do na Ballstáit ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta ar bhealach córasach, fóinteach agus tráthúil i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartas fostaíochta agus sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, i gceapadh beartas eacnamaíoch agus beartas poiblí eile, lena n-áirítear i socrú agus nuashonrú pá íosta reachtúil. Ba cheart do na Ballstáit cumhdach cómhargála níos airde a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fhorbairt agus neartú acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn, cómhargáil éifeachtach a chumasú ar gach leibhéal iomchuí agus comhordú idir na leibhéil sin agus ar fud na leibhéal sin a spreagadh. Ba cheart comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a chur i gcrích maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart chun gníomhaíocht chomhchoiteann atá acu á lánurramú. I gcás inarb ábhartha, agus mar fhorbairt ar na cleachtais náisiúnta atá ann faoi láthair, ba cheart do na Ballstáit taithí ábhartha eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar shaincheisteanna fostaíochta agus sóisialta a chur san áireamh.

### Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chosc agus a chomhrac

Ba cheart do na Ballstáit a gcórais cosanta sóisialta a nuachóiriú chun cosaint shóisialta atá leordhóthanach, éifeachtach, éifeachtúil agus inbhuanaithe a sholáthar do chách, ag gach céim den saol, cosaint a bheidh oiriúnach do riachtanais daonra atá ag dul in aois. Ba cheart dóibh cuimsiú sóisialta agus soghluaisteacht shóisialta aníos a chothú, tacú le cothroime idirghlúine agus cothromaíocht chóir tacaíochta ar fud aoisghrúpaí, rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a dhreasú, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais, lena n-áirítear trína gcórais chánach agus sochair a cheapadh, measúnú a dhéanamh ar thionchar dáileach beartas, agus dul i ngleic le hidirdhealú de gach cineál ag an am céanna. Agus cineálacha uilíocha de chur chuige á gcomhlánú le cur chuige sprioc-dhírithe, is féidir éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta a fheabhsú. Ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar ghlacadh sochar cosanta sóisialta, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha a chur in úsáid go heiticiúil agus go sábháilte, agus aird chuí á tabhairt ar an deighilt dhigiteach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na teaghlaigh leochaileacha a ndéanann an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus ardchostas maireachtála, agus tionchair mhíchothroma an athraithe aeráide agus méaduithe sa chostas maireachtála, lena n-áirítear costais tithíochta agus fuinnimh, an difear is mó dóibh. Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun bearnaí sa rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a dhúnadh, mar chuid lárnach de cháilíocht poist a áirithiú.

Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta a chomhrac, ó thaobh saolré de ón óige go dtí an tseanaois, i gcomhréir le príomhspriocanna laghdaithe bochtaineachta an Aontais agus na mBallstát do 2030. Moltar do na Ballstáit creataí beartais in aghaidh na bochtaineachta a áirithiú. D'fhonn an bhochtaineacht, an t-idirdhealú agus an stiogma a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu a thuilleadh, ba cheart dul i ngleic le deacrachtaí chun íoc as bunriachtanais, amhail bia, fuinneamh, teach agus earraí bunúsacha eile, agus leis an easpa rochtana ar sheirbhísí ardcháilíochta. Ba cheart do na Ballstáit forbairt agus comhtháthú a dhéanamh ar thrí ghné an chuimsithe ghníomhaigh: tacaíocht leordhóthanach ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin ar ardchaighdeán, chun freastal ar riachtanais daoine aonair. Ba cheart do chórais cosanta sóisialta

agus cuimsithe sochair leordhóthanacha mar ioncaim íosta a áirithiú le haghaidh gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu féin agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí thacú le daoine agus trína spreagadh le bheith rannpháirteach i margadh an tsaothair agus sa tsochaí, lena n-áirítear trí sheirbhísí sóisialta spriocdhírithe a sholáthar. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag cách ar sheirbhísí fíor-riachtanacha ar ardchaighdeán. Seirbhísí inacmhainne inrochtana ar ardchaighdeán a bheith ar fáil, oideachas agus seirbhísí cúram luathóige, cúram iarscoile, oideachas, oiliúint, tithíocht, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach mar shampla, is coinníoll riachtanach é sin chun comhionannas deiseanna a áirithiú, lena n-áirítear trí ghanntanas bia agus ganntanas ábhair a laghdú. Chun timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh, ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí agus ar an eisiamh sóisialta go háirithe trí bhearta cuimsitheacha comhtháite, lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme go hiomlán.

Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a áirithiú freisin, lena n-áirítear tithíocht shóisialta. Beidh sé ríthábhachtach infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí a shlógadh le haghaidh tithíocht inacmhainne agus shóisialta, i gcomhthéacs ina dtugtar aghaidh freisin ar scrogaill soláthair eile, chun dul chun cinn a bhaint amach. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit cúnamh tithíochta agus bearta tacaíochta eile atá spriocdhírithe go maith a sholáthar do dhaoine atá i ngátar nó atá i staid leochaileach. Is féidir le soláthraithe tithíochta an gheilleagair shóisialta, samhlacha nuálacha maoinithe agus bearta spriocdhírithe chun tithíocht fholamh a shlógadh a bheith ina mbloic thógála i dtreo réitigh tithíochta inbhuanaithe agus chuimsitheacha. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh agus iompair, chomh maith le hathléimneacht i leith rioscaí sláinte agus tubaistí, lena n-áirítear iad siúd a spreagtar leis an athrú aeráide agus le díghrádú an chomhshaoil, le bearta tacaíochta spriocdhírithe do theaghlaigh ar ioncam íseal agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Ba cheart do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, úsáid éifeachtach a bhaint as cistiú ón Aontas chun infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht inacmhainne agus shóisialta, i dtithíocht mac léinn, in athchóiriú tithíochta agus i seirbhísí tionlacain. Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an inrochtaineacht, a áirithiú. Ba cheart dul i ngleic go sonrach leis an easpa dídine agus leis an eisiamh tithíochta trí bhorradh a chur faoi sholáthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta, trí bhearta coisctheacha agus trí chur chuige cuimsitheach comhtháite atá dírithe ar an duine agus ar thithíocht a chur chun cinn, lena n-áiritheofar go bhfreastalóidh an tacaíocht ar fhíor-riachtanais.

I gcomhthéacs fad saoil atá ag dul i méid agus athruithe déimeagrafacha eile, ba cheart do na Ballstáit leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsin d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a áirithiú. Ba cheart do chórais phinsin comhdheiseanna a áirithiú do mhná agus d'fhir cearta pinsin a fháil, lena n-áirítear trí chreidmheasanna pinsin a sholáthar do shosanna cúraim agus trí choigilteas i scéimeanna forlíontacha leathana cuimsitheacha a fheabhsú. Ba cheart tacaíocht a thabhairt d'athchóirithe pinsean le beartais a bhfuil sé d'aidhm acu an bhearna phinsin idir na hinscní a laghdú agus bearta a chuireann síneadh leis an saol oibre, amhail tríd an aosú gníomhach agus rannpháirtíocht daoine fásta níos sine i margadh an tsaothair a éascú chun an aois scoir iarbhír a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit trédhearcacht ceart pinsin a chur chun cinn, lena n-áirítear trí sheirbhísí rianaithe pinsin.

Ba cheart do na Ballstáit rochtain thráthúil ar chúram sláinte inacmhainne coisctheach leigheasach a áirithiú, agus an inbhuanaitheacht a chosaint san fhadtéarma san am céanna. I gcomhthéacs éileamh méadaitheach ar chúram fadtéarmach, atá nasctha freisin le hathrú déimeagrafach, bearnaí sa leordhóthanacht agus infhaighteacht seirbhísí, ba cheart aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus drochdhálaí oibre trí bhearta cuimsitheacha

comhtháite. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit oibriú i dtreo samhlacha cúraim a fhorbairt atá duinelárnach, aistriú rianúil a áirithiú idir conairí cúraim éagsúla (e.g. ó chúram ospidéil go cúram baile agus/nó cúram cónaithe) agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh ar bhealach comhtháite.